



Ráiteas ón mBord Pleanála

4 Bealtaine 2022

Tá aird tugtha ag an mBord Pleanála ar an ráiteas le déanaí ón Aire Tithíochta, Rialtais Áitiúil agus Oidhreachta ag fógairt go bhfuil Abhcóide Sinsearach ceaptha aige chun tuarascáil a ullmhú a bheidh mar bhonn lena bhreithniú ar líomhaintí áirithe i ndáil le comhalta de Bhord an Bhoird Pleanála, líomhaintí atá séanta ag an gcomhalta Boird lena mbaineann. Comhoibreoidh an Bord Pleanála go hiomlán de réir mar is gá leis an bpróiseas a d'fhógair an tAire.

Ina theannta sin, tá athbhreithniú á dhéanamh ag an mBord, agus tá comhairle dlí á lorg aige, maidir le saincheistanna áirithe a eascraíonn as na hábhair seo. I gcomhthéacs na bpróiseas leanúnach seo, tá sé aontaithe ag an Uasal Paul Hyde leis an gCathaoirleach go mbeidh sé as láthair óna dhualgais mar Leas-Chathaoirleach go ceann tamaill, ar an tuiscint gur neamhláithreacht gan dochar é.

Measann an Bord Pleanála go mbeadh sé míchuí aon trácht eile a dhéanamh faoi láthair.

Nuashonraithe 9 Bealtaine 2022

Críoch